OÉ Gaillimh
NUI Galway

# Straitéis na Gaeilge

Is í ár dteanga féin í

2021 - 25



# Misean

Go mbeidh OÉ Gaillimh chun cinn in Éirinn agus go hidirnáisiúnta maidir le teagasc, taighde agus tionscnaimh Ghaeilge a fhorbairt agus, leis sin, ina heiseamláir sa bhaile agus i gcéin maidir le dlúthchaidreamh a chothú le pobail teanga, go háirithe lucht labhartha teangacha Ceilteacha agus mionteangacha.

Déanfar pobal Gaeilge na hOllscoile a mhéadú agus stádas na Gaeilge san Ollscoil a neartú. Bainfimid é seo amach trína chinntiú go gcruthófar agus go gcothabhálfar timpeallacht dhearfach dhátheangach san Ollscoil agus go bhforbrófar agus go gcothófar aeráid fhabhrach d'úsáid na Gaeilge i measc phobail éagsúla na hOllscoile, na mic léinn agus an fhoireann san áireamh.







# Ár bhFís don Ghaeilge

Tá buntáiste ar leith ag baint leis an nGaeilge in OÉ Gaillimh ó thaobh suímh agus pobail de. Is muidne an t-aon ollscoil atá lonnaithe ar bhruach na Gaeltachta agus, lenár nIonaid Ghaeltachta, sa Ghaeltacht féin. Ó thaobh suaithinseachta de, is léir go bhfuil éagsúlacht luachmhar ag baint leis sin – éagsúlacht nach bhfuil chomh soiléir céanna i mórán d'imeachtaí eile na hOllscoile – agus is mór againn é seo.

Táimid fite fuaite i bpobail Ghaeilge agus Ghaeltachta agus is cuid lárnach dhomhain dár bhféiniúlacht agus dár saol í an Ghaeilge. Tá sé mar luach againn mar chomhluadar ollscoile go mbeidh ómós againn dár bpobail éagsúla, san Ollscoil agus sa cheantar máguaird, go mbeimid oscailte don saol mór agus go mbeimid tiomanta don inbhuanaitheacht. Is gné lárnach den ómós, den oscailteacht agus den inbhuanaitheacht seo í an Ghaeilge.

Táimid dírithe ar ár bpobail agus ar ár suíomh agus táimid dáiríre fúthu. Tuigimid an tábhacht a bhaineann le saol na Gaeilge agus leis an saol trí Ghaeilge dár gcomhluadar, dár mic léinn, don fhoireann s'againne agus don phobal ina bhfuilimid lonnaithe. Táimid leo i saol na Gaeilge.

Tá sé mar aidhm againn mar sin go mbeidh OÉ Gaillimh chun cinn in Éirinn agus go hidirnáisiúnta maidir le teagasc, taighde agus tionscnaimh Ghaeilge a fhorbairt agus, leis sin, ina eiseamláir sa bhaile agus i gcéin maidir le dlúthchaidreamh a chothú le pobail teanga, go háirithe lucht labhartha teangacha Ceilteacha agus mionteangacha. Sin í an sprioc agus an dúshlán atá romhainn.

Níor luaigh mé fós an dualgas reachtúil atá orainn maidir leis an nGaeilge. Is mór againn an dualgas sin atá ag teacht go hiomlán lenár luachanna. Tá an Ghaeilge bunaithe agus bunúsach i stair agus i saol na hOllscoile. Tuigimid sin agus tá níos mó oibre le déanamh againn dá réir. Mar sin féin, ní haon ualach í an Ghaeilge ach is luach í dár bpobail agus don Ollscoil. Níl áit ar bith eile ar domhan a bhfuil luach dá leithéid agus féidearthachtaí dá leithéid ann. Is rud dearfach seachas diúltach é seo agus táimid dírithe agus díograiseach dá réir.

Dá bhrí sin, fáiltím roimh an Straitéis seo a tháinig ó phobal na hOllscoile. Tacaím léi.

Táimid an-bhuíoch díobh siúd uile a tháinig ar an aistear seo linn go dtí seo. Tá dúshláin uaillmhianacha leagtha amach anseo agus tréaslaím leo siúd uile a ghlac leis an gcuireadh a bheith ina mbaill de Choiste Straitéiseach na Gaeilge agus a ghlac páirt sa phróiseas le brí agus le beocht. Táimid faoi chomaoin agaibh. Go raibh maith agaibh.

Nuair a sheolamar Straitéis na hOllscoile 2020-2025, *Fís i gCoiteann, Múnlaithe ag Luachanna*, bhaineamar úsáid as dán Mháirtín Uí Dhireáin, *An tEarrach Thiar*, sa leagan Béarla agus sa leagan Gaeilge di. Comhartha d'aon ghnó agus d'aon turas ba ea é seo a léirigh an dearcadh atá againn maidir le saibhreas agus suíomh na Gaeilge i saol agus i straitéis OÉ Gaillimh.

Déarfaimid arís é: *currach lán éisc, ag teacht chun cladaigh*.

Seolta anois agus ag súil le bheith faoi lán seoil...

**An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh**
Uachtarán na hOllscoile



> “Tá sé mar luach againn mar chomhluadar ollscoile go mbeidh ómós againn dár bpobail éagsúla, san Ollscoil agus sa cheantar máguaird, go mbeimid oscailte don saol mór agus go mbeimid tiomanta don inbhuanaitheacht. Is gné lárnach den ómós, den oscailteacht agus den inbhuanaitheacht seo í an Ghaeilge.”

An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh



Grianghraf: An tOll. Chaosheng Zhang





# Seasaimid le Luachanna Straitéis na hOllscoile

***Fís i gCoiteann, Múnlaithe ag Luachanna – Straitéis 2020-2025***

Déanfaimid straitéis uaillmhianach don todhchaí i leith na Gaeilge a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara náisiúnta agus le pobail Ghaeltachta, bunaithe ar luachanna an ómóis agus na hinbhuanaitheachta (**AP09**).

Mar ollscoil dhátheangach, tacaíonn OÉ Gaillimh lena bhunluachanna maidir le meas, barr feabhais, oscailteacht agus inbhuanaitheacht. Treisíonn na luachanna sin a chéile agus cuireann siad le sainiúlacht na hOllscoile. Léirítear an méid sin anseo i Straitéis na Gaeilge. Tá an Straitéis uaillmhianach agus fís dóchais inti chun timpeallacht dhátheangach inbhuanaithe a fhorbairt agus a chothú.

### OÉ Gaillimh – Ollscoil oscailte

Tá oscailteacht, éagsúlacht agus cuimsiú ina gcuid lárnach dár gcur chuige i leith na nuálaíochta, na rannpháirtíochta agus na cruthaitheachta. Aithnímid luach sainiúil agus dearfach na Gaeilge mar ghné dár gcultúr agus dár bhféiniúlacht. Is mór againn an ról uathúil atá againn ó thaobh ceannasaíocht a thabhairt don ardoideachas agus don taighde i nGaeilge, agus aithnímid a thábhachtaí agus atá sé go mbeidh pobail bhisiúla Ghaeilge sa Ghaeltacht agus taobh amuigh den Ghaeltacht. Oibreoimid as lámha a chéile lenár bpobail chun cur lenár gcampas dátheangach agus chun an dúil atá againn sa Ghaeilge a roinnt leis an domhan mór (**CP06**). Treisíonn an cháipéis seo an teachtaireacht gur straitéis chuimsitheach í Straitéis na Gaeilge agus go bhfuil úinéireacht ag gach duine san Ollscoil uirthi, beag beann ar a gcumas teanga. Trí chomhpháirtíocht, trí chomhoibriú agus trí chláir oibre a fhorbairt, leagfaimid amach garspriocanna coiteanna i gcomhar leis na páirtithe leasmhara, trí phróiseas oscailte ina mbeidh meas ar na páirtithe ar fad.

### OÉ Gaillimh – Ollscoil ina bhfuil meas ar chách

Tá meas ar an teanga, meas ar a pobal agus meas ar lucht a labhartha lárnach sa Straitéis seo. Beidh rath orainn má éiríonn linn spás a chruthú ina mbeidh meas ag daoine ar a chéile agus ina mbeidh ómós acu dá chéile. Comhlíonfaimid trínár ngníomhartha an ghealltúint a thugamar go mbeidh meas againn ar ár bpobail éagsúla. Beidh meas ag ár bpobail orainn mar chomharsa mhaith agus mar chomhpháirtí réamhghníomhach a bhíonn ag obair chun leas na sochaí. Agus tuiscint againn ar an ról uathúil agus údarásach atá ag an Ollscoil seo i sochaí agus i ngeilleagar ár réigiúin, oibreoimid le gnólachtaí, le heagraíochtaí agus le líonraí fud fad iarthar na hÉireann chun a chinntiú go bhfuil freastal cuí á dhéanamh ag an Ollscoil ar na réigiúin (CR12). Tugtar tús áite do chearta teanga agus do mheas a bheith againn ar lucht labhartha na Gaeilge sa Straitéis seo agus tá meas ar an nGaeilge neadaithe i ngach uile ghné den Straitéis seo.

### Inbhuanaitheacht: Trínár ngníomhartha léireoimid go bhfuilimid suite de go mbeimid chun cinn san athrú atá le déanamh chun go mbeidh an teanga faoi bhláth amach anseo

Moltar sa Straitéis seo go mbunófar comhpháirtíocht idir an Ollscoil, an Pobal agus an Stát le go mbeifear in ann múnla ollscolaíochta a chur ar fáil a bheidh mar eiseamláir do phobail mionteangacha eile ar fud an domhain agus d'fhorbairt inbhuanaithe na bpobal sin. Moltar freisin go nglacfaidh an Ollscoil ceannaireacht maidir leis na dúshláin atá le sárú ag pobal na Gaeltachta agus na Gaeilge, agus go dtacóidh sí leo agus iad ag dul i ngleic leis na dúshláin sin chun go mbeidh pobal inbhuanaithe teanga ann sa todhchaí. Agus moltar chomh maith go dtógfar ar na caidrimh atá idir an Ollscoil, eagraíochtaí stáit agus pobal na teanga, le struchtúr foirmiúil a fhorbairt trí chumarsáid, comhoibriú agus comhpháirtíocht atá bunaithe ar luachanna an ómóis agus na hinbhuanaitheachta a chuirfidh le forbairt shóisialta, chultúrtha, eacnamaíoch agus teanga an phobail sin.

Agus muid ag obair as lámha a chéile le comhpháirtithe áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta, Eorpacha agus domhanda, tiocfaimid ar réitigh a éascóidh todhchaí níos inbhuanaithe (CS05). Beidh cáil dhomhanda orainn as feabhas ár ngníomhaíochtaí teagaisc agus taighde a chothaíonn ár gcéimithe mar cheannairí inbhuanaitheachta na todhchaí, in Éirinn agus i gcéin (CS06).

### OÉ Gaillimh – Ollscoil den scoth

Aithnítear go gcaithfidh Straitéis na Gaeilge a bheith bunaithe ar fhianaise agus treoraithe ag taighde. Chuige sin, aithnímid an gá atá le taighde feidhmeach a neadú san Ollscoil trí chéile trí chuireadh a thabhairt don phobal a bheith rannpháirteach inár ngníomhaíochtaí taighde, agus trí chomhoibriú leis an bpobal sin (AP13). Cuirfidh ár gcuid taighde bonn eolais faoi dhearcthaí agus faoi pholasaí maidir le héagsúlacht, le cur lenár dtuiscint agus lenár bhfeasacht maidir le míbhuntáiste agus idirdhealú nuair a thagann siad chun cinn (CR02).

Déanfaimid iarracht leis an Straitéis seo tionchar dearfach a bheith againn ar an tsochaí trí chomhpháirtíochtaí a bhunú le heagraíochtaí agus trí thógáil ar na comhpháirtíochtaí atá ann cheana féin. Aithníonn sí luach sainiúil agus dearfach na Gaeilge mar ghné dár gcultúr agus dár bhféiniúlacht agus cuireann sí le cáil na hOllscoile mar ionad taighde Gaeilge den chéad scoth a chuireann le gach gné den saibhriú cruthaitheachta agus cultúir (CE08).

Ní leor dearcadh amháin agus muid ag iarraidh fadhbanna an domhain a réiteach. Dearbhaímid, mar sin, a thábhachtaí agus atá an idirdhisciplíneacht chun tionchar a imirt ar an tsochaí. Is beag rath a bheadh orainn gan téagar agus idirdhisciplíneacht ár saineolais, idir bhuneolas agus eolas feidhmeach, sna heolaíochtaí, sna heolaíochtaí sóisialta agus sna daonnachtaí. Cuireann sé ar ár gcumas an t-athrú cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíoch a bhrú chun cinn, agus a bheith réidh chun aghaidh a thabhairt ar réimsí taighde úrnua. Bainfidh ár gcuid mac léinn leas as curaclaim nuafhorbartha atá bunaithe ar thaighde agus a tharraingíonn ar láidreachtaí idirdhisciplíneacha ár nOllscoile (CE05).

# OÉ Gaillimh ag comhlíonadh a dhualgas i leith na Gaeilge

Leagadh amach tiomantas na hOllscoile don Ghaeilge den chéad uair in **Acht Choláiste Ollscoile na Gaillimhe, 1929** agus rinneadh é sin a athdhearbhú in Acht Choláiste Ollscoile na Gaillimhe (Leasú), 2006 ina luaitear go bhfuil sé ar cheann de phríomhaidhmeanna na hOllscoile

> "oideachas a sholáthar... trí mheán na Gaeilge".

Téann **Straitéis na hOllscoile, 2020-2025** níos faide fós agus tá gealltanas tugtha ann straitéis uaillmhianach don todhchaí i leith na Gaeilge a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara náisiúnta agus le pobail Ghaeltachta, bunaithe ar luachanna an ómóis agus na hinbhuanaitheachta (AP09).

In 2019, tar éis d'Uachtarán na hOllscoile athstruchtúrú a dhéanamh ar an mbainistíocht shinsearach, aistríodh an fhreagracht as an nGaeilge ó Oifig an Rúnaí chuig Oifig an Uachtaráin Ionaid agus Meabhránaí, arb é ionadaí an Uachtaráin é, agus an ball is sinsearaí den fhoireann bainistíochta, seachas an tUachtarán. I bhfianaise na n-athruithe sin, a thugann ardú stádais don Ghaeilge i struchtúr bainistíochta na hOllscoile, bhí sé tábhachtach athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe rialachais maidir leis an nGaeilge in OÉ Gaillimh.

Tá an tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí ina bhall d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile a bhfuil sé de chúram uirthi a chinntiú go gcomhlíonann an Ollscoil a cuid dualgas maidir leis an nGaeilge. Oibríonn sé go dlúth le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus déanann sé monatóireacht ar fheidhmíocht na hOllscoile i leith na Scéime Teanga, a bhíonn le hullmhú ag comhlachtaí poiblí faoi **Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003**. Sa tríú Scéim Teanga ó OÉ Gaillimh, **Scéim Teanga 2018-21**, déantar cur síos ar an gcur chuige agus ar na hiarrachtaí a rinneadh chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn i ngnó laethúil na hOllscoile.



# Tosaíochtaí Straitéiseacha

Tá na réimsí tosaíochta straitéiseacha a aithníodh i Straitéis na Gaeilge mar bhonn taca leis na luachanna foriomlána atá in *Straitéis na hOllscoile, 2020-2025*

- Oibreoimid as lámha a chéile lenár bpobail chun cur lenár gcampas dátheangach agus chun an dúil atá againn sa Ghaeilge a roinnt leis an domhan mór (**CP06**).
- Cuirfimid an comhionannas agus an éagsúlacht chun cinn san Ollscoil go réamhghníomhach, agus tabharfar aitheantas d'eispéireas gach duine (**CR01**).
- Beidh tionchar suntasach againn ar ár bpobail agus beimid inár n-eiseamláir lasmuigh den ollscoil trí thús áite a thabhairt don mheas (**CR03**).
- Cuirfimid romhainn tionchar dearfach a imirt ar an tsochaí trí dhul i gcomhar le hollscoileanna, le heagraíochtaí agus le pobail eile, go háitiúil agus go hidirnáisiúnta, chun go n-éascófar cruthú agus roinnt eolais, saineolais agus teicneolaíochtaí (**CP04**).
- Cuirfimid chun cinn go gníomhach cultúr cuimsitheach a fhéachann le rochtain ar an oideachas a fheabhsú, comhoibriú a éascú, agus a thacóidh lenár bpobal, beag beann ar an gcúlra atá acu (**CP02**).

Tháinig na réimsí tosaíochta straitéiseacha agus na príomhchuspóirí as an bplé agus as an díospóireacht a rinneadh ag cruinnithe de Choiste Straitéiseach na Gaeilge, agus ag cruinnithe de na fochoistí éagsúla ar a bhfuil baill inmheánacha agus sheachtracha, mic léinn san áireamh; agus as aiseolas ó mhórphobal na hOllscoile tar éis comhairliúchán poiblí. Ba é sainmhian na ngrúpaí oibre go mbeadh an fhís agus an straitéis uaillmhianach, ionas go bhféadfaí an Ghaeilge, atá i mbaol, a chur chun cinn i saol na hOllscoile, i bpobal na Gaeltachta agus i bpobal na Gaeilge.

**CUSPÓIRÍ**

Cuirtear aidhmeanna Straitéis na Gaeilge in iúl sna cúig phríomhréimse tosaíochta straitéiseacha seo a leanas:

**1)** Spás, Acmhainní, Áitreabh & Foirgnimh do Phobal na Gaeilge

**2)** Struchtúir Riaracháin & Bhainistíochta na hOllscoile

**3)** Úsáid na Gaeilge san Ollscoil

**4)** Gnóthaí Acadúla

**5)** Crann Taca don Phobal Teanga





# Tosaíocht Straitéiseach a hAon

### 1. Spás, Acmhainní, Áitreabh & Foirgnimh do Phobal na Gaeilge

## Déanfaimid infheistiú i dtimpeallacht fhisiciúil a chinnteoidh go bhfuil ár n-ollscoil oscailte agus inrochtana do chách (CP03).



Má tá forbairt le déanamh ar an teagasc trí Ghaeilge, agus ar an ollscoil dhátheangach, is léir go mbeidh spás, áiseanna, agus áitreabh nua ag teastáil. Gealltar sa Straitéis seo go ndíreofar ar spás a chur ar fáil do phobal na Gaeilge ar an gcampas. Tá deacrachtaí ag baint leis an spás atá ann faoi láthair (Áras na Gaeilge) mar gheall ar an raon leathan gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl ann, agus an fhoireann ildisciplíneach atá á úsáid faoi láthair. Tá foireann Gaeltachta an Acadaimh ag caitheamh breis ama ar champas na Gaillimhe, ag teagasc ar chúrsaí (na meáin, ateangaireacht) atá trom ar acmhainní agus spás, agus gan ach spás teagaisc agus taighde teoranta acu.

Cé go bhfuil cáil ar an Ollscoil mar institiúid den scoth don teagasc trí Ghaeilge, tugann aiseolas ó mhic léinn le fios, ó thaobh spáis agus áiseanna do phobal na teanga, go bhfuil acmhainní níos fearr ag ollscoileanna eile. Tá caifé Áras na Gaeilge – lárionad sóisialta phobal na Gaeilge san Ollscoil – róbheag do na sluaite a bhíonn ag tarraingt air.

**CUSPÓIRÍ**

- An soláthar a leathnú de réir riachtanais phobal na Gaeilge ar champas na Gaillimhe ó thaobh spáis, acmhainní agus áiseanna de.
- Moltar go dtógfar foirgneamh nua do phobal na Gaeilge ar an gcampas, agus go gcuirfear tús leis an réamhphleanáil dó seo láithreach mar chuid den Straitéis seo.
- Scéim Cónaitheachta Gaeilge a fhorbairt agus a riar ar mhaithe le dlús a chur le pobal labhartha na Gaeilge mar phobal beo.
- Cruthófar agus cothófar tearmainn/moil teanga don Ghaeilge ar champas na Gaillimhe.
- Forbrófar spás caidrimh shóisialta faoi sheilbh na mac léinn.

| Bearta lena léirítear go bhfuil ag éirí leis an Straitéis | Gearrthéarmach | Fadtéarmach |
|---|---|---|
| 1. Foirgneamh nua do phobal na Gaeilge | ✓ | ✓ |
| 2. Scéim Cónaitheachta Gaeilge | ✓ | |
| 3. Tearmainn Teanga | ✓ | |
| 4. Spás caidrimh shóisialta | | ✓ |

### Moltaí ó Phobal na hOllscoile

*"Lárionad ar leith a bheith ag an teanga ina bhfuil nasc soiléir ann idir Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Roinn na Gaeilge agus pobal an champais. Ní hamháin gur cheart go mbeadh caifé ann ach go mbeadh téatar, spás comhrá agus áiteanna ar féidir an teanga a úsáid agus a fheiceáil in úsáid a bheadh feiceálach don champas uile."*





# Tosaíocht Straitéiseach a Dó

### 2. Struchtúir Riaracháin & Bhainistíochta na hOllscoile

Oibreoimid as lámha a chéile lenár bpobail chun cur lenár gcampas dátheangach agus chun an dúil atá againn sa Ghaeilge a roinnt leis an domhan mór (**CP06**).



Aithnítear go bhfuil bá ag daoine leis an nGaeilge san Ollscoil, agus go bhfuil an fhoireann ag tacú le fís na hOllscoile don Ghaeilge. Tá tionchar nach beag ag struchtúr eagraíochta, ag córas rialachais, agus ag polasaithe na hOllscoile ar a éifeachtaí agus atá an freastal a dhéantar ar phobal na teanga. Le gur féidir a bheith cinnte go bhfuil cothrom na Féinne á thabhairt do phobal Gaeilge na hOllscoile agus go bhfuiltear dírithe agus tiomanta d'aidhmeanna na Straitéise a bhaint amach, ní mór a chinntiú go bhfuil struchtúr rialachais agus bainistíochta na hOllscoile in oiriúint d'ollscoil dhátheangach. Ní mór a chinntiú, freisin, go bhfuil an leas is fearr á bhaint as struchtúir éagsúla na hOllscoile, agus go bhfuil cinnteacht ag aonaid riaracháin faoi na dualgais agus na freagrachtaí atá orthu i dtaca le campas eiseamláireach dátheangach a bhuanú.

CUSPÓIRÍ

### 2.1 Rialachas, Polasaithe, agus Línte Freagrachta san Ollscoil

Ceapfar Oifigeach na Gaeilge san Ollscoil, faoi stiúir Oifig an Uachtaráin Ionaid agus Meabhránaí. Beidh an ról seo neamhspleách ar na haonaid atá leabaithe i gColáiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh. Cabhróidh an té seo leis an Ollscoil Straitéis na Gaeilge a thiomáint, agus beidh sé/sí ag obair ar son na mac léinn agus na foirne.

- Cruthófar ról nua Oifigeach na Gaeilge faoi stiúir an Uachtaráin Ionaid agus Meabhránaí, agus beidh cúram foriomlán ar an duine sin fís na hOllscoile don Ghaeilge a thiomáint.
- Déanfar athbhreithniú ar an bhfreastal atá rannóga na hOllscoile a dhéanamh ar phobal na Gaeilge san Ollscoil.
- Beidh an Ghaeilge san Ollscoil mar mhír sheasta ar chlár Údarás na hOllscoile.
- Beidh cruinniú d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile á reáchtáil sa Ghaeltacht uair sa bhliain agus beidh cruinniú ag Údarás na hOllscoile sa Ghaeltacht gach dara bliain.

### 2.2 Aonaid Riaracháin & Seirbhíse Phobal na hOllscoile

Ag teacht le Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2019 beidh sé mar aidhm againn go mbeidh 20% den fhoireann ghairmiúil in ann gnó a dhéanamh trí Ghaeilge.

- Déanfar staidéar ar chumas aonaid na hOllscoile seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge, agus gheofar amach cá mhéad duine atá in ann tascanna a dhéanamh trí Ghaeilge.
- Cinnteofar go mbeidh daoine le Gaeilge i ngach aonad/rannóg riaracháin, agus é mar dhualgas orthu freastal a dhéanamh ar phobal Gaeilge na hOllscoile.
- Scéim a chur i bhfeidhm ina n-aithneofar an Ghaeilge mar scil ar leith sna próisis earcaíochta.
- Ollscoil dhátheangach a chur san áireamh gach uair a bheidh polasaí de chuid na hOllscoile á fhorbairt.
- A chinntiú go gcuirfear an Ghaeilge san áireamh go hiomlán ón tús i dTionscadal Chonairí Digiteacha na Mac Léinn le go mbeidh gach córas agus próiseas feidhmiúil do mhic léinn i nGaeilge agus i mBéarla araon.

| Bearta lena léirítear go bhfuil ag éirí leis an Straitéis | Gearrthéarmach | Fadtéarmach |
|---|---|---|
| 1. Oifigeach na Gaeilge | ✓ | |
| 2. Coincheap an champais eiseamláirigh dhátheangaigh le tabhairt san áireamh agus polasaithe uile na hOllscoile á gceapadh | ✓ | |
| 3. Athbhreithniú ar rannóga na hOllscoile | ✓ | |
| 4. An Ghaeilge a bheith lárnach ón tús i ngach gné de Thionscadal Chonairí Digiteacha na Mac Léinn | ✓ | ✓ |
| 5. An Ghaeilge a bheith ina mír sheasta ar Chláir Údarás na hOllscoile agus cruinnithe d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile agus d'Údarás na hOllscoile a bheith ar siúl sa Ghaeltacht | ✓ | |
| 6. 20% den fhoireann ghairmiúil in ann gnó a dhéanamh trí Ghaeilge | | ✓ |

### Moltaí ó Phobal na hOllscoile

*"D'fhéadfadh cainteoir líofa Gaeilge a bheith ar fáil i ngach Roinn den Ollscoil le go bhféadfadh mic léinn ar mhaith leo é seirbhís trí mheán na Gaeilge a fháil maidir le cúrsaí clárúcháin agus riaracháin i rith a dtréimhse san Ollscoil. D'fhéadfaí an rud céanna a dhéanamh sna hoifigí riaracháin agus gnóthaí acadúla. Dá mbeadh duine amháin den fhoireann shinsearach freagrach as an Ghaeilge a chur chun cinn san Ollscoil & a chinntiú go mbeidh seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge, shamhlóinn go mbeadh sin ina chabhair mhór."*

# Tosaíocht Straitéiseach a Trí

## 3. Úsáid na Gaeilge san Ollscoil

Cuirfimid an comhionannas agus an éagsúlacht chun cinn san Ollscoil go réamhghníomhach, agus tabharfar aitheantas d'eispéireas gach duine (CR01).



Tá Ollscoil na hÉireann, Gaillimh aitheanta mar ollscoil dhátheangach agus ní mór dúinn an timpeallacht dhátheangach seo a chothú agus a chosaint. Is chun cúram a dhéanamh den stádas seo atá Scéim Teanga na hOllscoile ann. Is ar an Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí atá an fhreagracht as an nGaeilge san Ollscoil. Tá freagrachtaí sonracha i leith na Gaeilge san Ollscoil leagtha ar Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, ar Roinn na Gaeilge agus ar aonaid agus rannóga eile san Ollscoil ó thaobh theagasc na Gaeilge.

CUSPÓIRÍ

### 3.1 Feiceálacht na Teanga agus Cumarsáid leis an bPobal

- Déanfar iniúchadh ar an gcomharthaíocht dhátheangach atá san Ollscoil, agus ar shuíomh idirlín na hOllscoile, lena chinntiú go bhfuilimid ag comhlíonadh na ndualgas atá orainn faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.
- A chinntiú go bhfuil gach pár ar fáil i nGaeilge do gach cúrsa a dhéantar trí Ghaeilge nó sa Ghaeilge.
- Comhoibriú agus comhpháirtíochtaí le Comhaltas na Mac Léinn a láidriú chun tionscnaimh Ghaeilge a fhorbairt.
- Straitéis phoiblíochta a fhorbairt chun poiblíocht a dhéanamh ar Straitéis na Gaeilge.

### 3.2 Úsáid na Gaeilge san Ollscoil

- Feachtas feasachta ar an gcampas chun tuiscint a mhéadú ar fud na hOllscoile faoi chás pobal teangacha mionlaigh.
- Tabharfar tacaíocht dóibh siúd ar an bhfoireann atá ar bheagán Gaeilge agus cuirfear deiseanna ar fáil dóibh siúd atá ag iarraidh í a fhoghlaim.
- Bunófar Seirbhís Ateangaireachta Ollscoile, ar aon dul le Seirbhís Aistriúcháin na hOllscoile.
- Fiosrófar agus déanfar infheistíocht i mbealaí chun ateangaireacht chomhuaineach a éascú ar fud an champais (cruinnithe d'Údarás na hOllscoile, cruinnithe d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile, cruinnithe Coláiste srl.)

### 3.3 Saol trí Ghaeilge ar an gCampas

- Cinnteofar go mbeidh mic léinn in ann déileáil le córas riaracháin na hOllscoile trí Ghaeilge ó thús go deireadh a gcláir staidéir.
- Ciorcail chomhrá agus ranganna neamhfhoirmiúla don fhoireann agus do na mic léinn a leathnú agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh.
- Scéim Cónaitheachta Gaeilge a athsheoladh agus poiblíocht a dhéanamh air ar mhaithe le dlús a chur le pobal labhartha na Gaeilge mar phobal beo san Ollscoil.
- Scéim Ealaíne nua a dhearadh agus a chur i bhfeidhm atá dírithe ar ealaín Ghaeilge a shuiteáil ar fud an champais.
- Naisc a chothú le coistí, le heagrais stáit agus le grúpaí eile chun na healaíona Gaeilge a chur chun cinn ar bhealach ina dtabharfaí deis do mhic léinn a bheith lárnach iontu.
- Tuilleadh béime a chur ar an *Tairiscint Ghníomhach*, córas ina gcuirtear siombail 'G' le hoifigí agus le hionaid ina bhfuil seirbhís trí Ghaeilge ar fáil.
- Suirbhé rialta a dhéanamh chun dearcadh agus tuairimí na foirne agus na mac léinn faoin Ollscoil dhátheangach a mheas ar bhonn leanúnach.

| Bearta lena léirítear go bhfuil ag éirí leis an Straitéis | Gearrthéarmach | Fadtéarmach |
|---|---|---|
| 1. Comharthaíocht Dhátheangach na hOllscoile | ✓ | |
| 2. Suíomh Gréasáin na hOllscoile ar fáil go Dátheangach | ✓ | |
| 3. Seirbhís Ateangaireachta ar fáil ar an gcampas | ✓ | |
| 4. Ranganna/Scoláireachtaí | ✓ | ✓ |
| 5. Imeachtaí & na hEalaíona | ✓ | ✓ |

**Moltaí ó Phobal na hOllscoile**

*“Imeachtaí trí Ghaeilge a eagrú go rialta, áiseanna agus spás a bheith ar fáil ar an gcampas don Ghaeilge, baill foirne agus mic léinn a bhfuil Gaeilge acu a thabhairt le chéile ar bhonn sóisialta, eolas ar na seirbhísí trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil. Ba chóir gur cúis mórtais a bheadh do OÉG gur ollscoil dhátheangach í agus go bhfuil an Ghaeilge tábhachtach don Ollscoil.”*

*“Thar aon rud eile, is taithí shaibhir agus ceangal mothúchánach (cothú an bhróid) a chothóidh úsáid na Gaeilge ar an champas. Tá gá le himeachtaí sóisialta, le himeachtaí cultúrtha, le taispeántais (ealaíne, acadúla, ceoil srl.), atá bunaithe ar Léann na Gaeilge sa chiall is leithne, ach atá dírithe ar an phobal mhór nach bhfuil aon bhaint acu le Léann na Gaeilge ná le saol na Gaeilge go dearfa.”*





# Tosaíocht Straitéiseach a Ceathair

## 4. Gnóthaí Acadúla

Déanfaimid tacaíochtaí acadúla piaraí, tacaíochtaí scileanna acadúla agus nuálaíochtaí curaclaim a phríomhshruthú, agus tuiscint againn ar an ríthábhacht a bhaineann le barr feabhais i dteagasc agus i bhfoghlaim do mhisean ár n-ollscoile (AE03).



Is ábhar mórtais d'Ollscoil na hÉireann, Gaillimh an cháil atá uirthi de bharr teagaisc agus taighde i bhfoghlaim agus léann na Gaeilge agus is ábhar mórtais fosta di go bhfuil sí ar an bpríomhionad náisiúnta i gcomhair ollscolaíocht trí Ghaeilge. Le barr feabhais a bhaint amach i ngnóthaí acadúla Gaeilge tá sé de sprioc ag an Ollscoil go mbeidh sí ar an bpríomhionad idirnáisiúnta d'fhoghlaim na Gaeilge. Tá clú ar bhaill na foirne de thairbhe a dtaighde ina gcuid sainréimsí léinn; áirítear anseo obair atá ar bun in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ionad an Léinn Éireannaigh, agus Roinn na Gaeilge.

Déanfaimid ár ndícheall pobal scoláirí Gaeilge a chothú a tharraingeoidh aird an phobail ar shaothrú na foghlama trí Ghaeilge.

CUSPÓIRÍ

**4.1 Teagasc na Teanga agus Léann na Gaeilge**

- Tacú le disciplín na Gaeilge ionas gur disciplín fíorbhisiúil a bheidh ann ar chláir chéime, sa chaoi go mbeidh OÉ Gaillimh ina cheannródaí domhanda ó thaobh oideolaíocht agus scóip dhisciplín na Gaeilge.
- Cabhrú le tionscadail uaillmhianacha chlaochlaitheacha taighde a fhorbairt faoi stiúir comhaltaí foirne acadúla atá ag obair i ndisciplín na Gaeilge.
- Fiosrú faoi bhealaí chun cur leis an soláthar sna ceantair Ghaeltachta.

**4.2 Teagasc trí Ghaeilge**

- Fiosrú faoi na roghanna a bhaineann le modúil idirdhisciplíneacha a thairiscint trí Ghaeilge.
- Taighde a dhéanamh ar bhonn bliantúil chun a fháil amach cén líon foirne atá in ann agus a bhfuil fonn orthu múineadh trí Ghaeilge.
- Taighde margaidh a dhéanamh chun a fháil amach cén t-éileamh a bheadh ann agus cad iad na deiseanna atá ann cláir a chur ar fáil trí Ghaeilge.
- Déanfar staidéar ar na féidearthachtaí atá ann creidiúnú nó cáilíochtaí a bhronnadh ar ghearrchúrsaí agus sainchúrsaí Gaeltachta an Acadaimh.

**4.3 Pobal Acadúil**

- Sraith imeachtaí a bhaineann le Léann na Gaeilge a fhorbairt, ag teacht go straitéiseach le hábhar taighde na gcomhaltaí foirne agus é de sprioc acu comhoibriú idir scoláirí a spreagadh agus ábhair taighdeoirí a mhealladh le tabhairt faoi chúrsaí iarchéime agus taighde eile san Ollscoil agus dioscúrsa intleachtúil a chur chun cinn trí mheán na Gaeilge.
- Comhaltachtaí a bhunú le deis a thabhairt do scoláirí as institiúidí eile, in Éirinn agus thar lear, seimeastar nó dhó a chaitheamh i gceann de na hionaid Ghaeltachta agus/nó ar an bpríomhchampas.
- Leanúint de bheith ag tógáil ar bhonneagair thaighde, trí ionaid agus líonraí éagsúla, do lucht acadúil agus do phobal na Gaeilge.





| Bearta lena léirítear go bhfuil ag éirí leis an Straitéis | Gearrthéarmach | Fadtéarmach |
|---|---|---|
| 1. Teagasc trí Ghaeilge – tairiscint níos leithne | ✓ | |
| 2. Athbhreithniú ar theagasc na teanga | | ✓ |
| 3. Bonneagar taighde | | ✓ |
| 4. Taighde faoin nGaeilge | ✓ | |

### Moltaí ó Phobal na hOllscoile

*"Is cóir c. 10 gclár fochéime agus 10 gclár iarchéime a fhorbairt agus a chur ar fáil sna réimsí atá criticiúil d'inmharthanacht/inbhuanaitheacht phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta sa 21ú hAois. Is cóir cláir thaighde, a chuirfidh Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ar thús cadhnaíochta sna réimsí seo, a chur chun cinn freisin."*

*"Caithfear feabhas agus ardchaighdeán an teagaisc san Ollscoil ó thaobh na Gaeilge de a chosaint, agus caithfimid saineolas sa teanga a chinntiú ó na mic léinn a thuilleann céim BA sa Ghaeilge."*

*"Tá géarghá le hathbhreithniú ar mhodhanna teagaisc na Gaeilge san Ollscoil le dul i ngleic le dúshláin an mhic léinn inniu. Teastaíonn gníomh faoi leith a bheidh dírithe ar mhic léinn a tógadh le Gaeilge chun a gcuid scileanna teanga a fhorbairt. Tá dúshlán faoi leith ann maidir le hiarchéimithe a mhealladh."*

# Tosaíocht Straitéiseach a Cúig

## 5. Crann Taca do Phobal na Gaeilge in Éirinn

Agus tuiscint againn ar an ról uathúil agus údarásach atá ag an Ollscoil seo i sochaí agus i ngeilleagar ár réigiúin, oibreoimid le gnólachtaí, le heagraíochtaí agus le líonraí fud fad iarthar na hÉireann chun a chinntiú go bhfuil an ollscoil ag déanamh freastal cuí ar an réigiún (CR12).

Tá deis ag an Ollscoil ról lárnach a imirt i dtodhchaí an phobail teanga in Éirinn. Tá gréasán na nIonad Gaeltachta ag tacú le pobal na Gaeltachta a chur chun cinn le breis is 20 bliain, agus tá siad ullmhaithe chun deiseanna atá ag eascairt ón **Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge** agus ón leasú ar **Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003** a thapú. Tá an Ollscoil ar thús cadhnaíochta ag cur oiliúint teanga ar ábhair oidí na tíre, agus tá taighdeoirí den scoth aici i réimsí na sochtheangeolaíochta, na pleanála teanga agus na cumarsáide. Tá OÉ Gaillimh ag feidhmiú mar choimeádaí ar chartlanna fairsinge Chonradh na Gaeilge, an eagraíocht Ghaeilge is seanbhunaithe in Éirinn, agus is fianaise eile é seo ar thiomantas láidir na hOllscoile i leith na Gaeilge.







CUSPÓIRÍ

**5.1**

- Beimid tiomanta do dheiseanna a fhorbairt leis na hIonaid Ghaeltachta.
- Déanfar ceangal leis na Coláistí/Aonaid ar fad san Ollscoil atá ag freastal ar phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge.
- Bonn níos doimhne agus níos foirmiúla a chur faoi chomhpháirtíochtaí idir an Ollscoil, páirtithe leasmhara agus eagraíochtaí stáit agus eile, chun an Ghaeilge a chur chun cinn mar chuid de straitéis chomhpháirtíochta na hOllscoile.
- Comhpháirtíochtaí ar leith a aithint le páirtithe leasmhara straitéiseacha ar nós Saolta, Údarás na Gaeltachta.
- Ról na hOllscoile i bPleanáil Teanga (i gcomhar leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus le hÚdarás na Gaeltachta) agus sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge a neartú chun tacú le cur i bhfeidhm phleananna agus riachtanais na gcoistí pleanála teanga sa Ghaeltacht.
- Dlúthnasc a chruthú idir an Ollscoil (Oifig an Leas-Uachtaráin Rannpháirtíochta/Forbartha) agus an Diaspóra Gaeilge agus Gaeltachta thar sáile – ar mhaithe le fostaíocht, acadúlacht agus riarachán a cheangal le chéile in aon iarracht amháin, agus na ceantair Ghaeltachta a neartú dá bharr.
- Naisc idirnáisiúnta a chur san áireamh amhail an Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh i bpleanáil agus i gcomhroinnt eolais sa todhchaí.
- Cláir thaighde a chur chun cinn, i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara eile, i réimsí éagsúla a bhaineann leis an teanga bheo, pobail labhartha na Gaeilge agus mionteanga inbhuanaithe (ceangailte leis an gcuspóir maidir le hOllscoil atá dírithe ar Thaighde).
- Nuashonrú a dhéanamh ar thaighde de chuid na hOllscoile ó thaobh úsáid, luach eacnamaíoch agus bhuntáiste na Gaeilge don Chathair agus don Réigiún; taighde breise ar theangacha mionlaigh agus todhchaí na teanga.

| Bearta lena léirítear go bhfuil ag éirí leis an Straitéis | Gearrthéarmach | Fadtéarmach |
|---|---|---|
| 1. Taighde<br>a) faoin nGaeilge b) Institiúid Taighde | ✓ | ✓ |
| 2. Ról i bPleanáil Teanga | ✓ | ✓ |
| 3. Naisc Idirnáisiúnta & Diaspóra | ✓ | ✓ |
| 4. Forbairt Ionaid na Gaeltachta | | ✓ |

### Moltaí ó Phobal na hOllscoile

*“Ba chóir don Ollscoil iniúchadh náisiúnta a dhéanamh maidir leis an éileamh atá ann ar an oideachas tríú leibhéal Gaeilge. Go háirithe ó tharla gur muid an t-aon ollscoil dhátheangach, tá géargha le fáil amach cén saghas éilimh a bheadh ann chun líon na ndaoine atá ag déanamh staidéir trí mheán na Gaeilge a mhéadú.”*

# Cur i bhFeidhm

Bunóidh Coiste Straitéiseach na Gaeilge *Coiste Feidhmithe Straitéis na Gaeilge* ar a mbeidh baill den Choiste Straitéiseach chun tacú le cur i bhfeidhm Straitéis na Gaeilge 2021-25. Forbrófar plean feidhmithe iomlán, ina dtabharfar aghaidh ar gach ceann de na réimsí tosaíochta straitéiseacha lena n-áireofar bearta insoláthartha, fráma ama, úinéireacht agus spleáchais.

Tabharfaidh an tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí aird ar leith ar mhonatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an phlean agus ar bhaint amach cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha agus cuirfidh sé tuairisc ar dhul chun cinn ar fáil d'Údarás na hOllscoile ar bhonn bliantúil.

Tá an Ollscoil tiomanta dá dualgais reachtúla faoi **Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003** a chomhlíonadh agus tabharfaidh Coiste Feidhmithe Straitéis na Gaeilge aird chomh maith ar scéimeanna teanga na hOllscoile atá bunaithe cheana féin agus ar na freagrachtaí atá uirthi faoi Acht an Choláiste Ollscoile, Gaillimh (Leasú), 2006 oideachas ollscoile trí Ghaeilge a chur chun cinn.







# Ballraíocht Choiste Straitéiseach na Gaeilge

**Ardbhainistíocht na hOllscoile**

Uachtarán na hOllscoile, an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh

Uachtarán Ionaid & Meabhránaí na hOllscoile, an tOllamh Pól Ó Dochartaigh

**Comhaltas na Mac Léinn**

Erin Mac an tSaoir, Oifigeach na Gaeilge

Róisín Nic Lochlainn, Leas-Uachtarán/Comhionannas

**Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge**

An Stiúrthóir, an tOllamh Breandán Mac Suibhne (Cathaoirleach Foghrúpa, Gnóthaí Acadúla)

Caitlín Nic an Ultaigh

An Dr Dorothy Ní Uigín

Éamonn Mac Niallais

Eoin Ó Droighneáin

An Dr Seathrún Ó Tuairisg (Cathaoirleach, Foghrúpa, Gnóthaí Riaracháin)

Treasa Uí Lorcáin

Veronica Ní Ghríofa

Anna Ní Bhroin

**Iar-Choiste Stiúrtha Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge**

An Dr Ann Ryan, Coláiste na hEolaíochta & na hInnealtóireachta

An tOllamh Dónal Leech, Déan Staidéir Iarchéime

An Dr Martina Ní Chúláin, Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte

Nicola McNicholas, Cuntasaíocht Bhainistíochta

Nuala McGuinn, Stiúrthóir, an tIonad Foghlama agus Forbartha Gairmiúla d'Aosaigh

Máire Bríd Breathnach, Gnóthaí Acadúla

**Baill eile d'Fhoireann na hOllscoile**

An tOllamh Tadhg Ó hIfearnáin, Roinn na Gaeilge

An tOllamh Niall Ó Dochartaigh, Scoil na hEolaíochta Polaitiúla agus na Socheolaíochta

An Dr John Caulfield, Oifig an Uachtaráin

Michelle Ní Chróinín, Oifig an Uachtaráin Ionaid & Meabhránaí (Rúnaí an Choiste)

**Baill d'Údarás na hOllscoile**

Harry McGee, Comhfhreagraí Polaitíochta, The Irish Times

Sinéad Ní Fhatharta, Údarás na Gaeltachta (Cathaoirleach Foghrúpa, Gnóthaí Pobail)

Ríonach Ní Néill, Galway Dance Days

**Baill Sheachtracha**

Alan Esslemont, Ardstiúrthóir TG4

Cathal Goan, Iar-Ardstiúrthóir RTÉ

Eoghan Ó Neachtain, Stiúrthóir Caidrimh Phoiblí / Iar-Phreasrúnaí Rialtais

Gearóid Mac Donncha, Ceannaire RTÉ Raidió na Gaeltachta

Siobhán Ní Ghadhra, Léiritheoir, Danú Media

Julian de Spáinn, Conradh na Gaeilge

Peadar Mac Fhlannchadha, Conradh na Gaeilge

Bríd Ní Chonghóile, Gaillimh le Gaeilge

Pól Ó Gallchóir, Iar-Chathaoirleach Fhoras na Gaeilge



OÉ Gaillimh
NUI Galway

Straitéis na Gaeilge 2021-25

Is í ár dTeanga Féin í

**www.nuigalway.ie/gaeilgebheo**

OÉ Gaillimh, Bóthar na hOllscoile, Gaillimh

Grianghraf: An tOll. Chaosheng Zhang